Ceisteanna Comhshaoil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhream saineolaithe ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, atá ag dul go Páras. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cad atá ar siúl i bPáras an tseachtain seo agus cén fáth a bhfuil an chomhdháil ag dul ar aghaidh?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

particular interest	_____
minor congress	_____
side events	_____
the evidence	_____
drought	_____
delegation of the European Union	_____
binding agreement	_____
the government's stance	_____
on climate change	_____
on equal footing/terms with	_____
fossil fuel	_____
electricity generation	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Déan cur síos ar na daoine ó COC a bheidh ag dul go Páras ar an Déardaoin.
2. Cad a bhí le rá Celine McInerney?
3. Cad iad na tuairimí a bhí ag Seán Kelly agus ag Eamon Ryan?
4. Cén fáth ar luadh an figiúr seo – 80%?
5. Cad a dúirt Brian Ó Gallachóir?

Ceist 4 '…teocht an domhain…'

Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna samplaí thíos. Bhí cuid acu le cloisteáil sa mhír. Tugtar inscne an ainmfhocail chun cabhrú leat.

Coláiste (an Ollscoil) bn.	_____
i measc (an fhoireann) bn.	_____
toscaireacht (an tAontas) fir.	_____
seasamh (an rialtas) fir.	_____
muintir (an chomhdháil) bn.	_____

mic léinn (an coláiste) fir. _____
de réir (an fhianaise) bn. _____
ag tabhairt (an léacht) bn. _____

Ceist 5 *'…spéis i…'*

Tá a lán briathra frásacha (*phrasal verbs*) i nGaeilge. Cad é an réamhfhocal simplí a théann leis na briathra seo thíos? Cuir in abairtí iad chun a mbrí a léiriú.

éist
cuir suas
éirigh
iarr
beir
cuir
teip
cuidigh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An gceapann tú gur fadhb mhór é an t-athrú aeráide? Cén fáth?
2. Cad a dhéanann tú féin chun do lorg coise carbóin a laghdú?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

particular interest	*spéis faoi leith*
minor congress	*mion-chomhdháil*
side events	*fo-imeachtaí*
the evidence	*an fhianaise*
drought	*triomach*
delegation of the European Union	*toscaireacht an Aontais Eorpaigh*
binding agreement	*comhaontú ceangailteach*
the government's stance	*seasamh an rialtais*
on climate change	*ar athrú aeráide*
on equal footing/terms with	*ar comhchéim le*
fossil fuel	*breosla iontaise*
electricity generation	*giniúint leictreachais*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

Coláiste (an Ollscoil) bn.	*Coláiste na hOllscoile*
i measc (an fhoireann) bn.	*i measc na foirne*
toscaireacht (an tAontas) fir.	*toscaireacht an Aontais*
seasamh (an rialtas) fir.	*seasamh an rialtais*
muintir (an chomhdháil) bn.	*muintir na comhdhála*
mic léinn (an coláiste) fir.	*mic léinn an choláiste*
de réir (an fhianaise) bn.	*de réir na fianaise*
ag tabhairt (an léacht) bn.	*ag tabhairt na léachta*

Ceist 5

- éist le	*listen to*
- cuir suas le	*put up with*
- éirigh as	*retire, quit, give up*
éirigh le	*succeed*
- iarr ar	*ask*
- beir ar	*catch*
- cuir faoi	*live*
cuir as do	*annoy*
- teip ar	*fail*
- cuidigh le	*help*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Grett O'Connor
Tá spéis faoi leith ag foireann agus ag mic léinn Choláiste na hOllscoile i gCorcaigh sa mhéid atá ag titim amach i bPáras an tseachtain seo. Ar an Déardaoin beidh mion-chomhdháil dá gcuid féin á reáchtáil i bPáras ag ollúna[1] agus ag saineolaithe fuinnimh ón gcoláiste seo mar chuid d'fho-imeachtaí na mór-chomhdhála. Tá an Dochtúir Celine McInerney i measc na léachtóirí a bheidh ag dul go Páras don chomhdháil sin.

An Dr Celine McInerney, Léachtóir le hAirgeadas
Bhuel, tá an fhianaise ann anois. Tá teocht an domhain ag dul in airde. Tá i bhfad níos mó gortaí, tuilte agus triomaigh anois ná mar a bhí, ach níor thuig ár dtuismitheoirí[2] go raibh sé sin ar siúl. Ní raibh an fhianaise ann. Ach caithfidh ár nglúin rud éigin a dhéanamh chun an treo ina bhfuil rudaí ag dul a chur i gceart.

Grett O'Connor
Tá an Feisire Eorpach[3] Seán Kelly ina bhall de thoscaireacht an Aontais Eorpaigh ag an gcomhdháil COP21. Inniu, dúirt sé gur deis iontach é chun an comhaontú ceangailteach domhanda a bhí riachtanach a bhaint amach. Inniu freisin, do cháin ceannaire an Chomhaontais Ghlais[4], Eamon Ryan, seasamh an rialtais ar athrú aeráide. Do cháin sé an socrú atá ag an rialtas nach gá dúinn spriocanna an Aontais Eorpaigh maidir le foinsí fuinnimh in 2030 a bhaint amach. Léiríonn staitisticí domhanda go bhfuil Éire nach mór ar comhchéim[5] leis an mBreatain agus le Meiriceá ó thaobh a bheith ag brath ar bhreosla iontaise, céatadán os cionn 80% atá i gceist i ngach tír acu sin.

Inniu, dúirt an Dr Brian Ó Gallachóir ó Choláiste na hOllscoile i gCorcaigh, a bheidh ag tabhairt léachta ag an mion-chomhdháil i bPáras ar an Déardaoin, go gcaithfimid a bheith ag féachaint ar ghnéithe eile do pholasaí fuinnimh na tíre seo seachas giniúint leictreachais amháin. Dúirt sé go raibh an iomarca breosla iompair in úsáid againn, mar shampla, agus ola chun ár dtithe a théamh. Ba cheart dúinn a bheith ag díriú ar an dá rud sin a laghdú i bhfad níos mó ná mar atáimid.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *ollaimh* a deirtear
[2] *ár thuismitheoirí* a deirtear
[3] *Feisire de Pharlaimint na hEorpa* an teideal iomlán
[4] *ceannaire Chomhaontas Glas* a deirtear
[5] *ar chomhchéim* a deirtear